CSS 1
Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

Do: GAELSCOIL MHIC AODHA *(Ainm na Scoile)*

ag: BÓTHAR MHEICITTA, BAILE CHILL DARA *(Seoladh Scoile)*

í an scoil seo: *(tic sa bhosca cuí)*

☑ Is bunscoil ☐ iar-bhunscoil ☐ scoil speisialta

De réir cheanglais Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAguisín le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán. (Tusla, 2024)*, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):

NORMA NÍ CHONCHÚIR

Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA):

NIAMH NÍ Dhuinn

In éagmais an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachtaí an DIA.

Ainm an Duine Iomchuí

NORMA NÍ CHONCHÚIR

I scoileanna is é an duine seo an DIA

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:

045 535588 norma@gsmhicaodha.com

(cuir isteach uimhir theileafóin/ríomhphoist).

Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015 ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Chosaint Leanaí. Ainmníonn an bord bainistíochta an duine seo chun imní/líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

Ainm Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an Phríomhfheidhmeannaigh nó a ionadaí:

Taine Uí Fhinn

I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siad ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhall foirne ag gníomhú go foirmiúil ina ról, glacann cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an príomhfheidhmeannach nó a thoscaire, ról an DIA.

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus slándáil leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur gá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- ☒ Aithint a dhéanamh go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar aon bhreithnithe eile.
- ☒ Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
- ☒ Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
- ☒ Glac le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh mí-úsáide leanaí.
- ☒ Cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh.
- ☒ Urraim iomlán a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* agus déileáil á déanamh le cúrsaí cosanta leanaí. Cloí leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine fásta leochaileach.

Nósanna Imeachta agus Bearta atá i bhFeidhm

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ár Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, an Acht um *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta 2017*, agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán.* (Tusla, 2024), agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár n-intinn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

- **Nós Imeachta maidir le Bainistiú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-Iompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís**
  - I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghníomh nó imthosca a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaítear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- **Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun Obair le Leanaí**
  - Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosrúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ábhartha grinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.
  - Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí.

- **Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanaí agus Rochtain orthu, lena n-áirítear Aithint Tharla an Díobhála**
  - Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaithint tarlaithe díobhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:

    Tá cóip
    - de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena n-áirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad siúd atá ar thaithí oibre).
    - Cinntíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanaí críochnaithe acu.
    - Spreagann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanaí a chríochnú.
    - Cinntíonn an bord bainistíochta go gcoimeádtar taifid ar oiliúint chosanta leanaí na foirne agus na gcomhaltaí boird go léir.

- **Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanaí chuig Tusla**
  - Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, maidir le himní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile, mar shampla séiplíneach nó altra. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.

- **Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad**
  - Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham a bhfuil sainordú acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaithneofar fostaithe breise nach múinteoirí cláraithe iad.

- **Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh (I scoileanna is é an DIA an duine seo)**
  - Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile, suíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus an Aguisín le Leanaí ar dtús 2019 agus 2025, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

Tabhair ar aird: Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach é na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm atá leagtha amach thuas. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair nósanna imeachta agus bearta eile a bhaineann leis an scoil san áireamh sa chuid seo freisin.

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirfear ar fáil í ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí (más ann), don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirfear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Tusla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Measúnú Riosca maidir le Cosaint Leanaí

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinnne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
1.	Teacht agus imeacht laethúil na ndaltaí	• Riosca go ndéanfadh dalta eile nó duine den phobal dochar do leanbh ar scoil. • Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh • Rioscaí a bhaineann le trácht nó le daltaí a thagann ar scoil sula dtosaíonn an mhaoirseacht.	• Eolas soiléir do thuismitheoirí sa nuachtlitir agus ar Aladdin maidir leis na hamanna a thosaíonn agus a chríochnaíonn an mhaoirseacht. • Daltaí a thabhairt ar láimh don bhus faoi mhaoirseacht CRS. • Daltaí a thabhairt ar láimh do sholáthraí an chúraim iarscoile atá lonnaithe ar an láthair. • Maoirseacht ag múinteoirí agus ag CRSanna le linn theacht agus imeacht na ndaltaí.
2.	Sosanna na ndaltaí	• Riosca go ndéanfadh dalta eile nó baill foirne dochar do leanbh ar scoil. • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• Amchlár maoirseachta clóis. • Limistéir shúgartha ar leith do ranganna. • Beartas Bí Cineálta agus an Cód Iompair a chur i bhfeidhm. • Tacaíocht ó CRSanna le linn sosanna.
3.	Teagasc sa seomra ranga	• Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh ar scoil. • Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh ar scoil. • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais	• Múinteoirí agus CRSanna grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána agus dearbhuithe reachtúla sínithe acu • Cloí le Cód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta • Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur ar fáil do gach ball foirne.

		(RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA/DLP) agus an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/DDLP) a shainaithint go soiléir. • Cur i bhfeidhm iomlán an chláir Bí Sábháilte, an Churaclaim OSPS, an Bheartais RSO agus an Chóid Iompair.
4.	Teagasc duine le duine	• Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh ar scoil. • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• An Beartas RSO a chur i bhfeidhm. • Painéil ghloine i ndoirse. • Cloí leis an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus le ciorcláin earcaíochta na Roinne Oideachais.
5.	Gníomhaíochtaí lasmuigh	• Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh ar scoil. • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu • Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	• Cloí leis an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus le ciorcláin earcaíochta na Roinne Oideachais • Maoirseacht éifeachtach a chinntiú ón bhfoireann • Cur i bhfeidhm iomlán an chláir Bí Sábháilte, an Churaclaim OSPS, an Bheartais RSO agus an Chóid Iompair.
6.	Gníomhaíochtaí spóirt	• Riosca díobhála do leanbh trí ghortú, bulaíocht nó go ndéanfadh ball foirne, cóitseálaí nó dalta eile dochar do leanbh	• Cóitseálaithe seachtracha a bheith grinnfhiosraithe • Maoirseacht éifeachtach a chinntiú ón bhfoireann i gcónaí • Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

		• Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	• Cód Iompair • Beartas Bí Cineálta
7.	Snámh	• Riosca go ndéanfadh duine den phobal nó ball foirne na linne snámha dochar do leanbh • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu • Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh ar scoil.	• An linn snámha a bheith dúnta don phobal ag an am a bhíonn na daltaí á húsáid • Cód Iompair • Ráiteas um Chumhdach Leanaí curtha ar fáil ag bainistíocht na linne snámha. • Maoirseacht leanúnach ag múinteoirí • Múinteoir ag seasamh taobh amuigh de dhoras an limistéir athraithe • Cúram pearsanta agus dlúthchúraim a leagan amach i bPlean Tacaíochta an Dalta
8.	Úsáid leithreas, seomraí feistis agus cithfholcadáin na scoile	• Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh ar scoil • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• Ní cheadaítear ach do dhalta amháin an leithreas a úsáid ag aon am amháin. • Ní cheadaítear do dhaoine fásta leithris na ndaltaí a úsáid • Cúram pearsanta agus dlúthchúraim a leagan amach i bPlean Tacaíochta an Dalta
9.	Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile	• Riosca go ndéanfadh dalta eile no duine den phobal dochar do leanbh .	• Cód Iompair • Maoirseacht ag múinteoirí agus ag CRSanna

		• Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	
10.	Leigheas a thabhairt	• Dáileog mhícheart a thabhairt, Leigheas a thabhairt gan údarú nó díobháil a dhéanamh	• Beartas Um Dháileadh Leighis • Toiliú tuismitheora agus dearbhú slánaíochta i scríbhinn ag teastáil i gcás gach leigheas. • Leigheas á stóráil in oifig na scoile.
11.	Garchabhair a thabhairt	• Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh	• Oiliúint fhoirmiúil garchabhrach curtha ar fáil don fhoireann • Freagróirí garchabhrach oilte ar an bhfoireann • Beartas Um Dháileadh Leighis • Beartas Sláinte agus Sábháilteachta
12.	Lá Spóirt bliantúil	• Riosca go ndéanfadh dalta eile nó ball foirne/oibrí deonach dochar do leanbh	• Cloí leis an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus le ciorcláin earcaíochta na Roinne Oideachais • Maoirseacht éifeachtach a chinntiú ón bhfoireann • Cur i bhfeidhm iomlán an chláir Bí Sábháilte, an Churaclaim OSPS, an Bheartais RSO agus an Chóid Iompair.
13.	Turais Scoile	• Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh	• Maoirseacht ag múinteoirí agus ag CRSanna • Faomhadh ón mBord Bainistíochta (BB).

		• Riosca go ndéanfadh duine den phobal dochar do leanbh	• Cead tuismitheora a fháil trí Aladdin
14.	Turais scoile a bhaineann le fanacht thar oíche	• Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• Faomhadh ón mBord Bainistíochta (BB). • Daoine fásta grinnfhiosraithe – baill foirne na scoile • Measúnú riosca a dhéanamh
15.	Bulaíocht i measc daltaí a chosc agus déileáil léi	• Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu • Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh	• Beartas - Bí cineálta • Cód Iompair • Cur i bhfeidhm iomlán an chláir Bí Sábháilte, an Churaclaim OSPS, an Bheartais RSO agus an Chóid Iompair.
16.	Socruithe iompair scoile, lena n-áirítear úsáid tionlacan bus	• Riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do leanbh • Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• CRSanna ag bailiú na ndaltaí agus á dtionlacan chuig an mbus agus ón mbus • Cumarsáid le cigire Bus Éireann nuair is gá

17.	Imeachtaí tiomsaithe airgid a bhaineann le daltaí	• Riosca go ndéanfadh duine den phobal dochar do leanbh	• Faomhadh ón mBord Bainistíochta le haghaidh imeachtaí • Fanann na leanaí faoi chúram a dtuismitheoirí ag na himeachtaí • Baill foirne agus oibrithe deonacha grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána
18.	Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is gá	• Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• Beartas RSO • Beirt daoine fásta i láthair. • Plean cúraim phearsanta agus dlúthchúraim mar chuid de Phlean Tacaíochta an dalta
19.	Iompar dúshlánach i measc daltaí a bhainistiú, lena n-áirítear úsáid chuí srianta nuair is gá	• Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras • Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh • Riosca go ndéanfar díobháil le linn srianadh fisiciúil.	• Cód Iompar • Beartas Sláinte agus Sábháilteachta. • Beartas um Theagmhais Chriticiúla. • Oiliúint RELATE. • Cloí leis an treoir maidir le hiompar is ábhar imní a thuiscint agus freagairt do ghéarchéimeanna
20.	Pearsanra seachtrach a úsáid chun an curaclam a chomhlánú agus chun tacú le spórt agus	• Riosca go ndéanfadh cóitseálaí/duine seachtrach dochar do leanbh	• Maoirseacht ag múinteoir i gcónaí • Cloí leis na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin

	gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile	• Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	
21.	Oiliúint a chur ar phearsanra na scoile maidir le cosaint leanaí	• Riosca nach n-aithneoidh baill foirne ábhair imní maidir le cosaint leanaí, nó nach dtuairisceoidh siad iad.	• Taifead ar an Oiliúint (CSS 8) á choinneáil ag an bPríomhoide • Tugann gach ball foirne faoin gcúrsa 'Tús Áite do Leanaí' de chuid Tusla • D'fhreastail an DIA agus an Leas-DIA ar oiliúint de chuid Oide maidir leis na Nósanna Imeachta Nua um Chosaint Leanaí i Meán Fómhair 2025 agus i Meán Fómhair 2026. • D'fhreastail gach ball foirne ar oiliúint maidir leis na Nósanna Imeachta Nua um Chosaint Leanaí i mí na Nollag 2025. • Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, nósanna imeachta na Roinne Oideachais agus sonraí teagmhála an DIA agus an Leas-DIA curtha ar fáil don fhoireann.
22.	Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG agus Bí Sábháilte	• An riosca nach gcuirfear an clár ar fáil, nó go gcuirfidh topaicí íogaire anacair ar dhaltaí gan na cosaintí cuí a bheith i bhfeidhm	• Plean OSPS a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear OCG agus an clár Bí Sábháilte. • An clár Bí Sábháilte a theagasc gach bliain i ngach rang • Litreacha eolais a sheoladh chuig tuismitheoirí roimh na modúil OCG
23.	Bia agus deoch a bhainistiú	• Riosca go ndéanfar díobháil de bharr ailléirgí • Tachtadh	• Lón folláine – Cód iompair • Beartas um Dháileadh Leighis – EpiPen

24.	Cúram daltaí a bhfuil leochaileachtaí nó riachtanais shonracha acu	• Riosca díobhála do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu	• Beartas RSO. Pleananna tacaíochta na ndaltaí • Monatóireacht á dhéanamh ag múinteoirí agus CRSanna
25.	Baill den Lucht Siúil	• Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh • Leithcheal	• Beartas Bí Cineálta • Beartas Comhionannais
26.	Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh	• Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh • Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas • Leithcheal	• Beartas Bí Cineálta • Beartas Comhionannais • Croí na scoile
27.	Leanaí a mheastar a bheith LADTA	• Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh	• Beartas Bí Cineálta • Beartas Comhionannais • Cód Iompair
28.	Leanaí Faoi Chúram	• Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh • Tráma agus leochaileacht	• Tacaíocht RSO • Beartas Bí Cineálta • Teagmháil idir an Príomhoide/an Leas-Phríomhoide agus na hoibrithe sóisialta

29.	Leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu	• An riosca go ndéanfar díobháil de bharr freagairt chúraim neamhleor	• Freagróirí garchabhrach ar an bhfoireann • Oiliúint garchabhrach críochnaithe ag an bhfoireann • Beartas Sláinte agus Sábháilteachta • Plean Tacaíochta an Dalta
30.	Pearsanra scoile a earcú, lena n-áirítear múinteoirí, CRSanna, feighlithe, rúnaithe, glantóirí agus cóitseálaithe	• Riosca go ndéanfadh baill foirne dochar do leanbh	• Gach ball foirne grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána agus dearbhuithe reachtúla sínithe acu. • Cloí le Cód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta • Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur ar fáil don fhoireann • Sonraí an DIA agus an Leas-DIA a chur in iúl do bhaill foirne go soiléir.
31.	Tuismitheoirí, cainteoirí, oibrithe deonacha agus teagascóirí seachtracha	• Riosca díobhála do leanbh trí ghortú, bulaíocht nó go ndéanfadh ball foirne, cóitseálaí nó dalta eile dochar do leanbh • Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	• Cóitseálaithe seachtracha grinnfhiosraithe • Oibrithe deonacha a bhíonn ag obair go rialta sa scoil grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána. • Maoirseacht éifeachtach ón bhfoireann i gcónaí • Beartas Sláinte agus Sábháilteachta
32.	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid ag daltaí sa scoil	• Riosca díobhála de bharr leanaí ag rochtain/úsáid míchuí ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus	• Beartas um Úsáid Inghlactha (AUP). • Cód Iompair - ní cheadaítear fóin phóca sa scoil • Leathanbhanda – Schools broadband/Oide in úsáid, le scagadh ábhair

33.	Cuairteoirí agus conraitheoirí atá i láthair sa scoil le linn gníomhaíochtaí scoile	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil	• Ní mór do gach cuairteoir síniú isteach agus amach in oifig na scoile • Bíonn ball foirne in éineacht le conraitheoirí agus iad ag dul timpeall an fhoirgnimh
34.	Cuairteoirí agus conraitheoirí atá i láthair sa scoil le linn gníomhaíochtaí iarscoile	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil taobh amuigh den am scoile	• Maoirseacht ag na daoine atá ag reáchtáil na ngníomhaíochtaí iarscoile. • Ní mór do chonraitheoirí síniú isteach agus amach in oifig na scoile
35.	Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoin gCód Iompair	• Riosca díobhála de bharr easnaimh sa Chód Iompair	• Cód Iompair a chloíonn le treoirlínte TUSLA/NEWB • Teagmhais a thuairisciú - Loga Gníomhartha
36.	Daltaí atá ag glacadh páirte i dtaithí oibre sa scoil	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil • Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras	• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta trí GSMA • Árachas curtha ar fáil tríd an scoil dara leibhéal • Maoirseacht leanúnach ag ball foirne na scoile
37.	Mic léinn mhúinteoireachta atá ag tabhairt faoi shocrúchán sa scoil	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil • Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras	• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta • Maoirseacht ag baill foirne, lena n-áirítear múinteoirí ranga agus múinteoirí Oideachais Speisialta (MOSanna) • Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus sonraí teagmhála an DIA curtha ar fáil do mhic léinn ar sochrúchán

38.	Áitreabh na scoile a úsáid ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil • Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras	• Comhaontú ceadúnais i bhfeidhm. • Tá ar ghrúpaí Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu agus deimhniú a thabhairt go bhfuil na daoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána.
39.	Áitreabh na scoile a úsáid ag eagraíochtaí eile taobh amuigh de am scoile	• Riosca go ndéanfadh dochar do leanbh taobh amuigh de am scoile • Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras	• Comhaontú ceadúnais/úsáide i bhfeidhm • Tá ar ghrúpaí Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu agus deimhniú a thabhairt go bhfuil na daoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána
40.	Imeachtaí eagraithe ag Cumann na dTuismitheoirí	• Riosca go ndéanfadh cuairteoir dochar do leanbh ar scoil • Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí	• Oibrithe deonacha a bhíonn ag obair go rialta grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána. • Fanann leanaí faoi chúram a dtuismitheoirí féin le linn imeachtaí eagraithe ag Cumann na dTuismitheoirí
41.	Físeáin, grianghraif agus meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadadh	• Riosca diobhála – grianghraif roinnte gan chead • Sarú ar RGCS/GDPR	• Grianghraif scoile a roinnt trí Aladdin Connect • Toiliú chun grianghraif a ghlacadh a fháil ar an bhfoirm chlárúcháin • Beartas um Chosaint Sonraí
42.	Teagasc agus foghlaim ar líne	• Riosca go ndéanfar dochar do leanbh le linn glao ar líne	• Beartas um Chosaint Sonraí • AUP

De réir Alt 11 den Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus le ceanglais Chaibidil 9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, seo a leanas an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca i scríbhinn.

Agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca seo á ndéanamh acu, tá iarracht déanta ag an mbord bainistíochta na rioscaí díobhála a bhaineann leis an scoil seo a aithint a mhéid is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun na rioscaí go léir a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun an riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir.

Rinne an bord bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar 9/11/26 *(most recent review date).*

Sínithe:* Tánaiste NT Flynn **Dáta:** 9/11/2026
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Sínithe:* Nuala Ní Chonchúir **Dáta:** 9/11/26
Príomhoide/Rúnaí an bhoird bhainistíochta

This Child Safeguarding Statement and Risk Assessment is expected to be reviewed again on 9/11/27 *(expected review date).*

*Doiciméid le priontáil agus le síniú le sínithe bunaidh